

CONCAR.

Bain an ceann de'n choncar, cuir maide ina bhéal, faisgfidh sí é chómh díocasach agus dá mbeadh an ceann ar an gcolainn. Bain aiste na goiliúí agus an cnámh – agus is uirthé atá an t-iasg is gile ar aon bhreac ag snámh na fairrge – agus tar éis an méid sin a bheith déanta béidh tú ag breithnú ar a cuid éisg ag preabadh. Tóir leat í, cuir ar tóin bairille í agus saill í, saill trí chéad faoitíní os a cionn tá sí in uachtar an bhairille maidin lár na bhárach. Ní iasg ceart í ach díolfaidh fear Árann chuile bhreac ach í. Coinneochaidh sí í le haghaidh an phata, mar deir sé féin. Nuair atá sí tirim sábháilte tá sí chomh buidhe leis an nginí. Níl aon bhreac sa bhfairrge nach dteidheann chun suaimnis ach í. Níl pointe go maidin nach gcloisfidh tú ag feadhail í.

Tá tráigh bhán na Bearnan lán díob tá ábhacha déanta síos ins an moilsgéanach aca. Bhí mé lá ag iasgach thiar ar Pholl an Eistire – bhí beirteach eistrí ann fadó ag Sean-Nioclás a Loins sean athair Marcuis –ach ní raibh mé a'fagháil aon bhreac. Chonnaic mé an fear uaim suas agus é ag siubhal san moilsgéanach agus píce aige agus é ag toraidheacht leathógaí. Shiubhail mé suas go dtí é. Bhíomar os cionn na rúitíní san uisge. D'fhiafruigh mé de a raibh sé ag fagháil aon cheann. "Trí cinn" adeir sé, "atá fós agam."

Chonnaic mé ag breithnú uaidh é. "Meas tú," adeir sé, "cén sórt bric é sin thall atá ag corruighe san moilsgéanach?" "Níl fhios agam," adeirim-se. "Tiubhraidh mé iarracht ar an gcloigeann," adeir sé, "leis an bpíce." Thug sé sáth den phíce agus leig sé a neart ar chois an phíce. Nuair a chroch an eascoin a drioball bhuail sí aniar sa druim é agus chuir sí ar a dhá ghlúin sa moilsgéanach é, go cinnte bhí sí chomh ramhar le ceathramha capaill. Níl baoghal ar bith nach raibh, d'imthigh leithe agus d'fág sí dath dearg ar an bhfairrge agus le fuil, béidh sí ag imtheacht léithe go mbéidh deire na fola caillte aice agus an uair sin eireochaidh sí i mbarr an uisge básuighthe.